2024/2506

24.9.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2506 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Iúil 2024

lena gceartaítear an leagan Spáinnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 75(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid in Airteagal 5(1), pointe (a) den leagan Spáinnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 ón gCoimisiún ([2]), a mhéid a bhaineann leis an ainmniúchán le haghaidh uibheacha XL. D'fhéadfadh an earráid difear a dhéanamh do chearta agus oibleagáidí na n-oibreoirí.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart an leagan Spáinnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 a cheartú dá réir. Ní dhéantar difear do na leaganacha teanga eile,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(Ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge)

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 589/2008 ón gCoimisiún (IO L, 2023/2465, 8.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2465/oj).